Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Tuarascáil ar Thorthaí an Chomhairliúcháin a bhaineann le Moladh 6-9 de Thuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán i ndáil le Treoir (AE) 2019/790 maidir le Cóipcheart ag tagairt go háirithe d'Airteagal 15 – *Preasfhoilseacháin a chosaint i dtaobh úsáidí ar líne*

An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
Samhain 2024

# Comhthéacs

Leis an tuarascáil seo, cuirtear achoimre agus anailís i láthair ar aighneachtaí a fuarthas mar fhreagairt ar an gComhairliúchán Poiblí maidir le Moladh 6-9 de Thuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán i ndáil le Treoir (AE) 2019/790 maidir le Cóipcheart ag tagairt go háirithe d'Airteagal 15 – Preasfhoilseacháin a chosaint i dtaobh úsáidí ar líne.

Choimisiúnaigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an tuarascáil seo.

Samhain 2024

**An Fáth leis an gComhairliúchán Poiblí**

Ba é cuspóir an chomhairliúcháin ná tuairimí a lorg faoin gcaoi a bhfuil Airteagal 15 de Threoir (AE) 2019/790 maidir le Cóipcheart sa Mhargadh Aonair Digiteach (arna trasuí le Rialachán 13 d'Ionstraim Reachtúil uimhir 567 ó 2021) ag feidhmiú i gcleachtas. Tá sé sin i gcomhréir le Moladh 6-9 de Thuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán – agus is é seo a leanas an sliocht ábhartha as sin:

*"Ba cheart go n-áireofaí san athbhreithniú measúnú ar na tairbhí eacnamaíocha iarbhír agus tuartha a thagann chuig foilsitheoirí Éireannacha mar thoradh ar chomhaontuithe idirbheartaithe; tuairimí foilsitheoirí agus ardán maidir le caibidlíocht a dhéanamh; taithí foilsitheoirí agus comhsheasmhachta aonair i dtaca le caibidlíochtaí; taithí na bhfoilsitheoirí áitiúla agus náisiúnta; agus an méid trédhearcachta agus comhsheasmhachta i gcomhaontuithe thar eagraíochtaí meán cáilitheacha."*

Le hAirteagal 30 den Treoir maidir le Cóipcheart sa Mhargadh Aonair Digiteach, a bhaineann leis an moladh seo, cuirtear oibleagáid ar an gCoimisiún Eorpach athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme na Treorach nach déanaí ná mí an Mheithimh 2026. Rachaidh an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta i dteagmháil leis an gCoimisiún Eorpach chun a chinntiú go ndéantar na saincheisteanna a luaigh an Coimisiún um Thodhchaí na Meán agus na páirtithe leasmhara mar a léirítear sa tuarascáil seo iad a chur san áireamh leis an athbhreithniú.

**Na Freagairtí**

Leagtar amach liosta na bhfreagróirí thíos. Tugann an Roinn ar aird an difríocht sa ráta freagartha idir páirtithe leasmhara a dhéanann ionadaíocht d'fhoilsitheoirí preasa agus iad siúd a dhéanann ionadaíocht d'ardáin ar líne agus eile.

# An Comhairliúchán Poiblí

Foilsíodh an Comhairliúchán i mí na Nollag 2023 agus iarradh tuairimí na bhfoilsitheoirí preasa agus na n-ardán ar líne araon. Ba iad seo a leanas na freagróirí:

**Foilsitheoirí Preasa**

Business Post

The Irish Times Group

Local Ireland

Magazines Ireland

Mediahuis Ireland

NewsBrands Ireland

Raidió Teilifís Éireann

**Soláthraithe Seirbhíse Sochaí Faisnéise**

Google Ireland Ltd.

Technology Ireland – Ibec (Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann)

**Eile**

Ceardchumann Náisiúnta na nIriseoirí – Ceardchumann

Marita Conlon McKenna – Scríbhneoir

## Na Príomhthorthaí

### Rialachán 13 - Preasfhoilseacháin a chosaint i dtaobh úsáidí ar líne

Leagtar amach na ceisteanna a bhreithnigh na páirtithe leasmhara (foilsitheoirí preasa, soláthraithe seirbhíse sochaí faisnéise agus eile), mar aon le hachoimre ar na freagraí a fuarthas, thíos.

[Bhain **ceisteanna 1 go 3** le faisnéis ghinearálta ó fhreagróirí, is é sin, a n-aitheantas, cé acu an foilsitheoirí preasa, soláthraithe seirbhíse sochaí faisnéise (ardáin ar líne), eagraíochtaí comhbhainistíochta, eagraíochtaí ionadaíochta, nó eile iad. Leagtar amach an liosta iomlán freagróirí ar leathanach 4.]

**Ceist 4. An bhfuil tionchar ag Rialachán 13 de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cóipcheart agus Cearta Gaolmhara sa Mhargadh Aonair Digiteach) 2021 ort nó an gcuireann siad oibleagáidí ort/ar d'eagraíocht go díreach? Cad iad na hoibleagáidí sin?**

D'aithin soláthraithe seirbhíse sochaí faisnéise go bhfuil tionchar ag Rialachán 13 orthu agus thug siad achoimre ar thionscnaimh áirithe a rinneadh mar fhreagairt ar cheanglais an Rialacháin sin. Rinne soláthraí seirbhíse sochaí faisnéise áirithe amháin cur síos ar thionscnamh áirithe ar dóigh leis a fhreagraíonn dá oibleagáidí faoi Rialachán 13.

Pointe eile a rinne soláthraithe seirbhíse sochaí faisnéise ná, cé go mbunaítear ceart nua d'fhoilsitheoirí preasa le Rialachán 13 chun an úsáid (a bhaineann soláthraithe seirbhíse sochaí faisnéise) as ábhar atá faoi chosaint cóipchirt a rialú, níl aon iallach ar cheachtar taobh teacht ar chomhaontú. Tá saoirse ag an dá thaobh fós conradh a dhéanamh ar an ábhar sin.

Aithníonn foilsitheoirí preasa, cé nach gcuirtear oibleagáid orthu go díreach le Rialachán 13, go dtugtar ceart ríthábhachtach dóibh ioncam a éileamh maidir

leis an úsáid a bhaineann soláthraithe seirbhíse sochaí faisnéise as a bhfoilseacháin ar líne. Cuirtear freagracht ar na hardáin (soláthraithe seirbhíse sochaí faisnéise) gan cóipcheart na sealbhóirí cirt (foilsitheoirí preasa) a shárú agus cuirtear oibleagáid ar na hardáin socruithe conarthacha cothroma comhréireacha a dhéanamh maidir le húsáid an ábhair a ghineann foilsitheoirí.

Luann foilsitheoirí preasa freisin nach bhforáiltear leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair, faraor, maidir le ceart foilsitheora preasa atá ag feidhmiú go cuí nó atá fiúntach. Braitheann samhail ioncaim na meán nuachta traidisiúnta ar an bhfógraíocht lena ngintear sciar suntasach den ioncam bliantúil. Mar sin féin, mar gheall ar an athrú ar ghnásanna tomhaltóirí sa chaoi a ndéanann siad ábhar nuachta a chuardach agus a léamh, téann formhór mór an ioncaim fógraíochta a ghineann na meáin nuachta le soláthraithe seirbhíse sochaí faisnéise seachas le foilsitheoirí preasa a infheistíonn méideanna móra chun an iriseoireacht atá á lorg ag an tomhaltóir a sheachadadh.

**Ceist 5. An raibh tú i mbun idirbheartaíochta maidir le cearta foilsitheoirí preasfhoilseachán mar atá leagtha amach i Rialachán 13? Más amhlaidh, i do thuairim, an ndearnadh na hidirbheartaíochtaí sin ar bhealach cothrom cuiditheach?**

D’fhreagair soláthraí seirbhíse sochaí faisnéise go ndearna sé foilsitheoirí preasa ionchasacha a lorg ar bhealach réamhghníomhach chun oibriú leo agus, i ndeireadh na dála, chun comhaontú a dhéanamh leo. Rinne sé comhaontuithe go rathúil le roinnt foilsitheoirí preasa, agus tá an idirbheartaíocht le foilsitheoirí eile ar bun fós.

Rinne foilsitheoirí preasa tagairt don easpa rannpháirtíochta maidir leis an tsaincheist seo ó fhormhór na soláthraithe seirbhíse sochaí faisnéise, agus ní raibh ach soláthraí seirbhíse amháin sásta idirbheartaíocht a dhéanamh de bhun Rialachán 13. Maidir leis na hidirbheartaíochtaí atá curtha i gcrích cheana féin,

níor reáchtáladh iad ar bhealach cothrom cuiditheach. An phríomhchúis a tugadh leis sin ná easpa trédhearcachta na modheolaíochta a d'úsáid na soláthraithe seirbhíse sochaí faisnéise agus an luach saothair atá dlite le híoc le foilsitheoirí preasa á ríomh acu. Mura mbíonn rochtain ag an dá pháirtí ar an bhfaisnéis/ar na sonraí sin, tá sé dodhéanta plé a dhéanamh faoi cé acu an bhfuil an ríomh cothrom nó iomchuí. Mar sin, níl mórán dul chun cinn fiúntach déanta maidir leis an gcaoi ar cheart an t-ábhar (ailt nuachta) a luacháil.

I measc na gcúiseanna eile a tugadh chun a áitiú nár caibidlíodh an idirbheartaíocht ar bhealach cothrom cuiditheach is é tearcluacháil an ábhair (ar cheart dó a bheith thart ar 40% den ioncam a tuilltear óna úsáid de réir staidéar amháin a ndearnadh tagairt dó), agus éagothroime a mheastar a bheith ann idir seasamh margála na bpáirtithe.

Dar le foilsitheoirí preasa, dhiúltaigh formhór na soláthraithe seirbhíse sochaí faisnéise freisin páirt a ghlacadh in idirbheartaíochtaí le foilsitheoirí preasa. Ní fhéadtar a mheas go bhfuil an diúltú sin do pháirt a ghlacadh cothrom agus cuiditheach i ndáil le cearta foilsitheoirí preasa faoi Rialachán 13. Ina theannta sin, níl an difríocht sa seasamh margála idir soláthraithe seirbhíse sochaí faisnéise, ar cuideachtaí idirnáisiúnta an-bhrabúsach iad den chuid is mó, agus foilsitheoirí preasa na hÉireann fabhrach don idirbheartaíocht chothrom chuiditheach. Chomh maith leis sin, déantar an éagothroime sa seasamh margála níos measa fós de bharr spleáchas na bhfoilsitheoirí preasa ar na hardáin ábhartha (na soláthraithe seirbhíse sochaí faisnéise) ar príomhthairsí an domhain ar líne iad.

Ina theannta sin, thug foilsitheoir preasa amháin ar aird go bhfuil sé faoi mhíbhuntáiste (curtha i leataobh) de bharr a méide measartha beag i gcomparáid le foilsitheoirí agus oibreoirí eile sna meáin atá níos mó. Mhaígh sé nár cheart go mbeadh tionchar nó éifeacht ag méid coibhneasta na bhfoilsitheoirí

aonair ná ag a seasamh margála ar rannpháirtíocht soláthraithe seirbhíse sochaí faisnéise.

Áirítear le freagairt ó pháirtí leasmhar eile an fíoras nach n-aithníonn cuid mhaith príomhpháirtithe leasmhara (soláthraithe seirbhíse sochaí faisnéise agus foilsitheoirí preasa araon) na ceardchumainn. Chomh maith leis sin, leis an reachtaíocht easnamhach, laghdaítear cumas na gceardchumann idirbheartaíocht a dhéanamh maidir le réimse saincheisteanna comhchoiteanna. Tá staid na saoroibrithe neamhchinnte go háirithe.

**Ceist 6. Más rud é go bhfuil comhaontú ann mar thoradh ar an idirbheartaíocht maidir leis an luach saothair atá dlite don fhoilsitheoir preasa as an úsáid a bhaineann an soláthraí seirbhíse sochaí faisnéise as na preasfhoilseacháin ábhartha; an bhfuil an luach saothair comhaontaithe cothrom agus leordhóthanach i do thuairim?**

Dúirt soláthraí seirbhíse sochaí faisnéise go bhfuil an idirbheartaíocht agus an comhaontú maidir le luach saothair a dhéantar go toiliúil idir na páirtithe iomchuí, i bprionsabal, cé go bhféadfadh sé gur thosaigh na páirtithe amach ar an idirbheartaíocht agus ionchais dhifriúla acu. Ní eol dó conas a fhéadfaí an chothroime a thuiscint go hoibiachtúil sa chomhthéacs áirithe sin, ach creideann sé go soláthraítear tairbhí suntasacha do na foilsitheoirí preasa sin leis na comhaontuithe atá déanta aige cheana féin le foilsitheoirí preasa.

Measann sé go bhfuil an luach saothair a thairg sé don ábhar preasa bunaithe ar an tuairim a nglactar go forleathan leis gur cheart dó a bheith réasúnta i gcóimheas leis an luach a bhaintear as an úsáid. Go háirithe, beidh an luach saothair mar mhalairt ar aistriú cóipchirt agus cearta gaolmhara réasúnta i ndáil le luach eacnamaíoch agus úsáid na gceart agus cuirfear cineál agus raon feidhme úsáid an ábhair san áireamh leis.

Léirigh roinnt foilsitheoirí preasa i leith an phlé le soláthraithe seirbhíse sochaí faisnéise nach bhfuil dul chun cinn déanta go céim na hidirbheartaíochta go fóill. I ndáil leis an idirbheartaíocht atá déanta, níl comhaontú déanta mar thoradh uirthi go fóill. Measann siad nach bhfuil na méideanna a thairgtear leordhóthanach ar chor ar bith, nach léirítear leo an infheistíocht a dhéanann na foilsitheoirí san ábhar ar chaoi ar bith, agus nach dtagraítear do luach an ábhair leo mar a úsáideann na soláthraithe seirbhíse sochaí faisnéise iad.

Ina theannta sin, cuireadh roinnt tairiscintí i láthair le botaí gan aon mhionsonra iontu maidir leis an modheolaíocht nó an fhaisnéis a bheadh mar bhonn faoin tairiscint. D'ainneoin cuid mhaith iarrachtaí ag foilsitheoirí preasa cruinnithe a eagrú le soláthraithe seirbhíse sochaí faisnéise chun na tairiscintí a phlé, ní bhfuair siad aon fhreagairt.

Toisc ar leithligh a luaigh foilsitheoir preasa ná chun a chinntiú go bhfuil an luach saothair cothrom agus leordhóthanach, ní mór do chomhaontuithe a chinntiú go siardhátaítear íocaíochtaí go dtí dáta thrasuí na Treorach maidir le Cóipcheart sa Mhargadh Aonair Digiteach (12 Samhain 2021). Ní féidir leis glacadh le haon tairiscint a mheastar a bheith ag féachaint chun tosaigh amháin.

**Ceist 7. Más rud é go raibh comhaontú mar thoradh ar idirbheartaíocht, an bhfuil dóthain trédhearcachta ann, ón soláthraí seirbhíse sochaí faisnéise, maidir le faisnéis shonrach faoi úsáid na bpreasfhoilseachán ábhartha (má chuirtear san áireamh sa chomhaontú é) i do thuairim**?

D'fhreagair soláthraí seirbhíse sochaí faisnéise gurb é a thuairim dhiongbháilte nach mór don dá pháirtí san idirbheartaíocht a bheith trédhearcach agus tairbheach. Tá an fhaisnéis ó fhoilsitheoirí preasa úsáideach freisin do sholáthraithe seirbhíse sochaí faisnéise maidir le luach an ábhair a mheas, lena n-áirítear an luach a sholáthraítear don fhoilsitheoir preasa féin trína chiorclaíocht ar líne. Luaigh sé freisin go ndearna sé iarracht i gcónaí na

hidirbheartaíochtaí a dhéanamh le foilsitheoirí preasa a thrédhearcaí is féidir i bhfianaise na faisnéise den sórt sin a bheith de chineál rúnda agus íogair ó thaobh tráchtála de. Rinneadh an mhodheolaíocht a úsáideadh (chun an tairiscint luacha saothair a ríomh), mar aon leis na sonraí lena mbaineann, lena n-áirítear na sonraí maidir le hioncam inchurtha agus na rátaí a cuireadh i bhfeidhm, a chur in iúl d'fhoilsitheoirí preasa. Tá an idirbheartaíocht le roinnt foilsitheoirí preasa ar bun fós agus tá sé i mbun téarmaí a chaibidliú faoina soláthrófar faisnéis áirithe, atá rúnda don soláthraí seirbhíse sochaí faisnéise sin, d'fhoilsitheoirí preasa.

Deir sé freisin, i gcás aon chomhaontú ceadúnúcháin, gur cheart d'oibleagáidí na bpáirtithe i ndáil le malartú faisnéise a chinneadh faoi théarmaí an chomhaontaithe, faoi réir saoirse conarthaí. Ní fhéadfar oibleagáid a bheith ar aon pháirtí faisnéis a nochtadh, go háirithe faisnéis dhílsithe, sa chomhthéacs sin; ná ní fhéadfar oibleagáid a bheith ar aon pháirtí faisnéis nach bhfuil ábhartha d'aon ghníomh a bhaineann le cóipcheart a nochtadh.

Tá foilsitheoirí preasa den tuairim aontaithe nach raibh trédhearcacht leordhóthanach ó sholáthraithe seirbhíse sochaí faisnéise i ndáil le faisnéis thábhachtach faoi na tairbhí díreacha agus indíreacha a fhaigheann siad ón úsáid a bhaintear as ailt/ábhar nuachta ar a n-ardáin. Is é sin an cás d'ainneoin an fíoras gur leag roinnt foilsitheoirí preasa amach an fhaisnéis/na sonraí a dteastaíonn uatha ina bplé nó ina gcumarsáidí le soláthraithe seirbhíse sochaí faisnéise. Chomh maith leis sin, d'iarr roinnt soláthraithe seirbhíse sochaí faisnéise ar fhoilsitheoirí preasa comhaontuithe um neamhnochtadh a shíniú faoin idirbheartaíocht a tharla, rud a chuireann a thuilleadh leis an easpa trédhearcachta.

Bhí an easpa trédhearcachta sin (i ndáil leis an bhfaisnéis a d'iarr na foilsitheoirí preasa) ina bhac leis an idirbheartaíocht agus, mar sin, leis na comhaontuithe a

thabhairt i gcrích, toisc go bhfuil na seasaimh mhargála an-mhíchothrom. Fágtar nach bhfuil foilsitheoirí preasa in ann measúnú iomlán eolach a dhéanamh faoin luach a bhaineann lena n-ábhair gan an fhaisnéis/na sonraí sin.

Ar deireadh, thug foilsitheoir preasa ar aird na difríochtaí a mheastar a bheith ann idir é féin agus seirbhís sochaí faisnéise agus na tairbhí díreacha agus indíreacha a bhaineann an soláthraí seirbhíse sochaí faisnéise as a ábhar á sainaithint. Mhol sé gur céad chéim ríthábhachtach in aon idirbheartaíocht é comhréiteach a bhunú maidir lena bhfuil i gceist le modheolaíocht chothrom oibiachtúil luachála, agus trédhearcacht maidir leis an bhfaisnéis/na sonraí a úsáidtear chun teacht ar an tuairim sin.

**Ceist 8. Más rud é gur theip ar pháirtithe na hidirbheartaíochta teacht ar chomhaontú maidir leis an méid luach saothair iomchuí atá dlite d'fhoilsitheoirí preasa as an úsáid a bhaineann soláthraithe seirbhísí sochaí faisnéise as a bpreasfhoilseacháin, cad iad na bacainní ar theacht ar chomhaontú, i do thuairim?**

Shainaithin soláthraí seirbhíse sochaí faisnéise na bacainní seo a leanas maidir le teacht ar chomhaontú:

- ionchais gan bhunús agus rómhór na bhfoilsitheoirí preasa maidir lena dteidlíochtaí luacha saothair;
- míthuiscint nó ionchais earráideacha na bhfoilsitheoirí preasa i ndáil leis an reachtaíocht ag ceapadh go gcinntítear íocaíochtaí léi;
- níl foilsitheoirí preasa ag cur san áireamh an tairbhe leanúnach dóibh a bhaineann lena n-ábhar a bheith i gcúrsaíocht ar ardán an tsoláthraí seirbhíse sochaí faisnéise le linn na hidirbheartaíochta;
- téarmaí ceadúnais míréasúnta; agus

- tuairimí difriúla i ndáil leis na téarmaí faoina soláthrófaí faisnéis rúnda chun na hidirbheartaíochtaí sin a éascú agus cineál na faisnéise/sonraí ar cheart a sholáthar i gcomhthéacs na n-idirbheartaíochtaí sin.

Barúil eile a thug soláthraithe seirbhíse sochaí faisnéise ná gur cheart d'aon idirbheartaíocht luacha saothair a bheith bunaithe ar thomhas a bhunaítear ar shonraí toisc gurb é an t-aon bhealach cothrom chun comhaontú cothrom ceadúnúcháin a chomhaontú. Leis sin, sheachnófaí ionchais neamhréalaíocha a d'fhéadfadh bac a chur ar chomhaontuithe a bhaint amach.

Shainaithin foilsitheoirí preasa na bacainní seo a leanas maidir le comhaontú a bhaint amach:

- easpa sásra forfheidhmithe sa reachtaíocht lena gceanglaítear ar sholáthraithe seirbhíse sochaí faisnéise páirt a ghlacadh in idirbheartaíochtaí nó na bealaí ina ndéantar idirbheartaíochtaí;
- an drogall ar sholáthraithe seirbhíse sochaí faisnéise páirt a ghlacadh in idirbheartaíochtaí ar chor ar bith, go háirithe le foilsitheoirí preasa níos lú;
- an easpa ceanglais sa reachtaíocht go soláthródh soláthraithe seirbhíse sochaí faisnéise faisnéis/sonraí (faoi na tairbhí a bhaineann siad as an ábhair a úsáid) d'fhoilsitheoirí preasa;
- an easpa sásra sa reachtaíocht chun treoraíocht a thabhairt chun luach an ábhair (do na soláthraithe seirbhíse sochaí faisnéise) a chinneadh má tá díospóid faoin luach;
- níl aon cheanglas sa reachtaíocht maidir le páirtithe ag dul i mbun eadráin shainordaitheach mura mbaintear comhaontú amach tar éis tréimhse áirithe ama; agus
- bearna ollmhór sa seasamh margála idir na páirtithe.

**Ceist 9. An bhfuil aon fhaisnéis eile maidir leis an idirbheartaíocht nó aon chomhaontú eile ar mian leat a chur leis?**

Thagair soláthraí seirbhíse sochaí faisnéise don líon fíor-íseal fiosruithe nuachta ar a inneall cuardaigh; is lú ná 2% iad in 2023. Luaigh sé freisin nach léiríonn sé fógraí ná ní ghineann sé ioncam ó fhormhór mór na gcuardach nuachta. Ina theannta sin, cuireann sé modhanna breise ar fáil chun tacú leis an tionscal nuachta (barúil a luaigh ionadaí soláthraithe seirbhíse sochaí faisnéise eile).

Luaigh an soláthraí seirbhíse sochaí faisnéise freisin go bhfuil rialú iomlán ag foilsitheoirí preasa fós i ndáil le cé acu a bhíonn nó nach mbíonn a n-ábhar ar an ardán agus cé acu agus conas a réamhléirítear é. Leis an Treoir maidir le Cóipcheart sa Mhargadh Aonair Digiteach, tugadh isteach ceart nua eacnamaíoch d'fhoilsitheoirí preasa ach caomhnaíodh d'aon ghnó an tsaoirse chun conradh a chomhaontú idir an dá pháirtí, is é sin, na soláthraithe seirbhíse sochaí faisnéise agus na foilsitheoirí preasa. Tá samhlacha gnó dlisteanacha ann cheana bunaithe ar chomhaontuithe tráchtála a comhaontaíodh go frithpháirteach le foilsitheoirí preasa.

**Barúlacha/Tograí Sonracha ó Sholáthraithe Seirbhíse Sochaí Faisnéise**

- Tá an trédhearcacht tábhachtach agus tá sé tábhachtach go mbaineann an trédhearcacht sin leis an dá thaobh. Tá sé ríthábhachtach a thabhairt ar aird go bhféadfaidh an fhaisnéis agus an trédhearcacht ó fhoilsitheoirí preasa a bheith chun tairbhe soláthraithe seirbhíse sochaí faisnéise freisin.
- Ba cheart go mbeadh an chomhroinnt faisnéise/sonraí agus tomhas na faisnéise/sonraí sin a bheith mar chuid de na hidirbheartaíochtaí sna comhaontuithe conarthacha.

- Tá Airteagal 15 (Rialachán 13) ceaptha chun solúbthacht a chinntiú agus chun na bealaí difriúla ina bhfeidhmíonn soláthraithe seirbhíse sochaí faisnéise a chur san áireamh agus chun ligean dóibh agus d'fhoilsitheoirí preasa a chinneadh an bhféadfaidh siad páirt a ghlacadh agus an bonn ar a bhféadfaidh siad páirt a ghlacadh**.** Leis an Ionstraim Reachtúil Éireannach lenar trasuíodh an Treoir maidir le Cóipcheart, ní thugtar oibleagáid dhlíthiúil chun ceadúnas a chomhaontú.

**Barúlacha/Tograí Sonracha ó Fhoilsitheoirí Preasa**

- Tá sé inmhianaithe leasú reachtach a áireamh lena mbeidh ceanglas go gcomhroinnfidh soláthraithe seirbhíse sochaí faisnéise faisnéis/sonraí faoin úsáid a bhaintear as ailt/ábhar nuachta le foilsitheoirí preasa. Leis sin, sholáthrófaí an bonn a bheadh le hidirbheartaíocht a dhéanamh i gcóir agus i gceart. Leis an reachtaíocht, ba cheart go sainaithneofaí a bhfuil i gceist leis an bhfaisnéis/na sonraí sin freisin.
- Leasú ar an reachtaíocht chun treoraíocht níos fearr a sholáthar maidir leis na gnéithe ar cheart a bheith mar bhonn eolais don chinneadh maidir le luach saothair cothrom.
- Idirghabháil ón rialtas chun rialacha ceangailteacha maidir le comhroinnt faisnéise/sonraí a chur chun feidhme, agus maidir le luachálacha i gcás nach bhfuil páirtithe in ann luach an ábhair a chomhaontú.
- Eadráin shainordaitheach a sholáthar i gcás nach gcuirtear comhaontú i gcrích faoi dháta socraithe.
- An gá atá le fíor-rannpháirtíocht idir soláthraithe seirbhíse sochaí faisnéise agus foilsitheoirí preasa, trína gcomhlachtaí ionadaíocha, chun réiteach fiúntach inbhuanaithe agus íocaíochtaí soiléire substaintiúla a fhorbairt d'fhoilsitheoirí.

- Córas deonach comhbhainistíochta d’fhoilsitheoirí preasa lena mbeidh siad in ann idirbheartaíocht a dhéanamh le soláthraithe seirbhíse sochaí faisnéise.
- Tar éis comhaontuithe iomchuí a chur i gcrích, ba cheart na híocaíochtaí a dhéantar a shiardhátú go dtí dáta thrasuí na Treorach maidir le Cóipcheart, is é sin, an 12 Samhain 2021.
- Idirghabháil ón rialtas (an tÚdarás Iomaíochta i gcás na Fraince) i gcás nach bhfuil páirtithe in ann teacht ar chomhaontú mar atá i mBallstáit eile an Aontais ar nós na Fraince agus na Danmhairge.

Leagtar amach le freagairt ó pháirtí leasmhar eile go ndírítear aird ar Rialachán 13(7) “*go bhfaighidh údair saothar atá ionchorpraithe i bpreasfhoilseacháin sciar iomchuí de na hioncaim a fhaigheann na foilsitheoirí nuachtáin as úsáid a bpreasfhoilseachán ag soláthraithe seirbhíse sochaí faisnéise*.” Tugann an freagróir ar aird go bhfuil díomá fós air nach sonraítear sásra leis an Rialachán chun a chinntiú go dtarlóidh sé sin. Molann sé go roinnfear an t-ioncam a tuilltear go cothrom idir foilsitheoirí preasa agus iriseoirí agus go ndáilfidh na sochaithe bailithe ábhartha na cistí.

Leagtar amach le freagairt páirtí leasmhair eile go mbraitheann scríbhneoirí ar fhoilsitheoirí (preasa) chun a saothair a chosaint. Tá cuid mhaith foilsitheoirí preasa beaga Éireannacha dúnta cheana féin, agus d’fhéadfadh sé sin leanúint ar aghaidh le himeacht ama. Is údar imní é an bhféadtar comhaontuithe a dhéanamh, agus luach saothair a íoc le scríbhneoirí (ag soláthraithe seirbhíse sochaí faisnéise), má leanann foilsitheoirí preasa ar aghaidh ag dúnadh/ag scor den trádáil.

## Conclúid

Leis na torthaí a bhaineann le Moladh 6-9 de Threoir (AE) 2019/790 maidir le Cóipcheart, ag tagairt go háirithe d'Airteagal 15 a mhéid a bhaineann le preasfhoilseacháin a chosaint i dtaobh úsáidí ar líne, cuirtear i dtábhacht roinnt buncheisteanna agus dúshláin maidir lena gcur chun feidhme. Cé go mbunaítear ceart nua d'fhoilsitheoirí preasa leis an Treoir chun luach saothair a fháil ó sholáthraithe seirbhíse sochaí faisnéise as úsáid a n-ábhair ar líne, léiríodh gur próiseas casta achrannach é comhaontuithe cothroma a bhaint amach.

Aithníonn soláthraithe seirbhíse sochaí faisnéise a n-oibleagáidí faoi Airteagal 15 (Rialachán 13) agus thuairiscigh siad dul chun cinn áirithe sna hidirbheartaíochtaí le foilsitheoirí preasa. Mar sin féin, cuireann formhór na bhfoilsitheoirí preasa míshásamh in iúl maidir leis an bpróiseas foriomlán idirbheartaíochta. Buncheist a cuireadh i dtábhacht ná cé chomh héagsúil is atá an seasamh margála de réir dealraimh, agus soláthraithe seirbhíse sochaí faisnéise móra idirnáisiúnta ag fáil an lámh in uachtar ar fhoilsitheoirí preasa beaga áitiúla, rud a fhágann go bhfuil siad faoi mhíbhuntáiste. D'fhéadfadh sé go ndéantar an éagothroime sin níos measa leis an easpa sásra forfheidhmithe sa reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair chun iallach a chur ar sholáthraithe seirbhíse sochaí faisnéise páirt fhiúntach a ghlacadh san idirbheartaíocht, go háirithe le foilsitheoirí preasa beaga.

Tá an trédhearcacht, nó an easpa trédhearcachta, ina ábhar athfhillteach freisin. Tuairiscíonn foilsitheoirí preasa nach bhfuil trédhearcacht leordhóthanach ann maidir leis na sonraí a úsáidtear chun tairiscintí luacha saothair, mar aon leis an luach foriomlán a bhaintear as a n-ábhar a úsáid, a ríomh. Áitíonn soláthraithe seirbhíse sochaí faisnéise nach bhféadtar sonraí dílsithe áirithe a nochtadh mar gheall ar chúinsí rúndachta gnó, cé go dtugann siad tábhacht na trédhearcachta ar aird. Chuir an easpa sásra shoiléir comhroinnte sonraí sin bac le plé fiúntach faoi luacháil chothrom alt/ábhair nuachta.

Thairis sin, níl réiteach ar shaincheist an luacha saothair féin fós. Áitíonn foilsitheoirí preasa nach leor na méideanna a thairgtear go minic agus nach léirítear leo an infheistíocht mhór a dhéantar chun iriseoireacht ardchaighdeáin a chruthú. Uaireanta, gineadh tairiscintí trí chórais uathoibrithe a úsáid, rud a chuireann a thuilleadh leis an bhfrustrachas. Ina theannta sin, creideann cuid mhaith foilsitheoirí gur cheart íocaíochtaí a shiardhátú go dtí trasuí na Treorach (12 Samhain 2021), ach níor ghlac soláthraithe seirbhíse sochaí faisnéise go haonfhoirmeach leis sin.

Moltar le tograí roinnt páirtithe leasmhara an gá atá le leasú reachtach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, lena n-áirítear leasuithe lena gcuimseofar ceanglais shainordaitheacha comhroinnte sonraí, treoirlínte níos soiléire faoina bhfuil i gceist le luach saothair cothrom, agus sásraí ar nós eadráin cheangailteach i gcás ina dteipeann ar an idirbheartaíocht. Iarradh freisin idirghabháil ón rialtas chun cothrom na Féinne a chinntiú, mar aon le rannpháirtíocht fhéideartha an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí chun aghaidh a thabhairt ar an éagsúlacht sa seasamh margála.

Go hachomair, cé go dtairgtear creat a bhfuil gealladh faoi do gach páirtí chun oibriú i dtreo luach saothair cothrom a fháil le haghaidh úsáid ábhar ar líne foilsitheoirí preasa le hAirteagal 15 den Treoir maidir le Cóipcheart, arna trasuí ag Rialachán 13, nochtadh deacrachtaí móra lena chur chun feidhme. Thug an Roinn na deacrachtaí sin ar aird mar a chuir na páirtithe leasmhara uile in iúl iad. Tá sí tiomanta fós do réitigh a aimsiú le páirtithe leasmhara ar na deacrachtaí a cuireadh in iúl mar chuid den chomhairliúchán seo. Áireofar leis sin rannpháirtíocht iomlán leis an gCoimisiún Eorpach maidir leis an tsaincheist áirithe seo chun a chinntiú go gcuirfear na saincheisteanna a tháinig aníos sa chomhairliúchán seo san áireamh leis an athbhreithniú atá beartaithe ag an gCoimisiún ar chur chun feidhme na Treorach iomláine (in 2026). Idir an dá linn, déanfaidh an Roinn tuilleadh machnaimh ar na saincheisteanna a tháinig aníos.